



# An Garda Síochána

## Doiciméad Beartais

Seirbhísí Tacaíochta Síceolaíochta do Phearsanra a bhfuil baint acu le Biúró Cibearchoireachta an Gharda Síochána (GNCCB), Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta (GNPSB), Aonaid na Roinne do Sheirbhísí Cosanta (DPSU), Biúró Náisiúnta Teicniúil an Gharda Síochána (GNTB), Aonad na Roinne do Láithreacha Coireanna (DSOC), Imscrúdaitheoirí Fóiréinseacha Imbhualtí (FCInna) agus Sainagallóirí

---

Dáta Éifeachtach	01/07/2023
Uimh. an Leagain	0.7
Ceadaithe ag	Feidhmeannas an Gharda Síochána
Bunaithe ag	Treoir Cheanncheathrún 044/2020
Úinéir an Bheartais	Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Acmhainní Daonna & Forbairt Daoine

## Cuspóir

Tá an Beartas seo dírithe ar chomhaltaí den Gharda Síochána agus ar fhoireann an Gharda Síochána atá ag obair i réimsí ina bhfuil a ról á gcinneadh bunaithe ar mheasúnú riosca oiriúnach a bhfuil nochtadh neamhroghnach rialta ar ábhar a bhfuil dianghuais shíceolaíoch i gceist leis. Tá Seirbhísí Tacaíochta Síceolaíochta ar fáil don phearsanra ar fad atá páirteach ina leithéid d'imscrúduithe. Soláthraíonn na seirbhísí seo tacaíocht ghinearálta shíceolaíoch agus leasa a bhfuil sé mar aidhm léi an riosca a bhaineann le tráma/strus díreach a sheachaint agus a mhaolú tríd an gcineál nochtaí oibre.

## Raon

Baineann an Beartas seo, na Nósanna Imeachta agus na doiciméid ghaolmhara le gach comhalta den Gharda Síochána agus le foireann uile an Gharda Síochána atá ag obair do An Garda Síochána. Baineann an Beartas seo le hOifig Phóilíneachta de chuid Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI) atá ar iasacht do An Garda Síochána de réir Alt 53 d'Acht an Gharda Síochána, 2005, arna leasú, freisin.

## Ráiteas Beartais

Tá An Garda Síochána tiomanta do riachtanais sláinte, sábháilteachta agus leasa a phearsanra a chosaint ar bhealach atá éifeachtach, éifeachtúil agus oiriúnach.

Tá tacaíocht shíceolaíochta agus acmhainní leasa ar fáil don phearsanra ar fad a bhfuil baint acu le Biúró Cibearchoireachta an Gharda Síochána (GNCCB), Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta (GNPSB) agus Aonaid na Roinne do Sheirbhísí Cosanta (DPSU), Biúró Náisiúnta Teicniúil an Gharda Síochána (GNTB), Aonad na Roinne do Láithreacha Coireanna (DSOC), Imscrúdaitheoirí Fóiréinseacha Imbhualtí (FCInna) agus Sainagallóirí.

Tá tacaíocht shíceolaíochta agus acmhainní leasa ar fáil don phearsanra atá ag obair sna réimsí seo ó chéim tionscnaimh, cosúil leis an bpróiseas roghnúcháin, suas go dtí agus lena n-áirítear críoch a bheith curtha le himlonnú na mBiúróanna / na Rannóg / na nAonad ábhartha.

## Comhlíontacht

Ní mór do gach comhalta ábhartha den Gharda Síochána agus foireann an Gharda Síochána sna Biúróanna / Rannóga / Aonaid shonraithe an Beartas seo a chomhlíonadh, mar aon leis na Nósanna Imeachta gaolmhara agus na doiciméid tionlacain.

## Doiciméid Ghaolmhara

1. Doiciméad Nóis Imeachta – Seirbhísí Tacaíochta Síceolaíochta do Phearsanra a bhfuil baint acu le Biúró Cibearchoireachta an Gharda Síochána (GNCCB), Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta (GNPSB), Aonaid na Roinne do Sheirbhísí Cosanta (DPSU), Biúró Náisiúnta Teicniúil an Gharda Síochána (GNTB), Aonad na Roinne do Láithreacha Coireanna (DSOC), Imscrúdaitheoirí Fóiréinseacha Imbhualtí (FCInna) agus Sainagallóirí.
2. An Cód Eitice.

## Scagadh Dlíthiúil & Chearta an Duine

Rinneadh scagadh Dlíthiúil agus Chearta an Duine ar an mBeartas seo i ndáil leis na hoibleagáidí faoi seach atá ar An Garda Síochána don limistéar ábhair atá i gceist.

## Caighdeán & Gealltanais Eiticiúla

Ní mór do gach duine atá ag obair in An Garda Síochána aird a thabhairt air agus cloí leis na caighdeán agus gealltanais atá sonraithe in [An Cód Eitice](#) do An Garda Síochána agus cloí le agus tacú leis an gcód seo ar fud na heagraíochta.

## Athbheithniú Beartais & Nóis Imeachta

Athbheithneofar an Beartas seo, na Nósanna Imeachta gaolmhara agus na doiciméid tionlacain 12 mhí i ndiaidh an dáta éifeachtaigh agus gach trí bliana ina dhiaidh sin.

## Séanadh

Níl sé beartaithe go nglacfar leis an mBeartas seo mar chomhairle dlí, agus ní hionann é agus comhairle dlí ar ar féidir brath i ndáil leis an limistéar ábhair atá ann. Níor cheart an doiciméad seo a úsáid in ionad comhairle dlí ghairmiúil.

## Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí/Treoir 2016/680/AE - Treoir maidir le hÚdaráis Phóilíneachta agus Cheartais Choiriúil

Ní phróiseálfar sonraí pearsanta ach chun na gcríoch atá sonraithe sa Bheartas seo, agus laistigh de bhonn dlí atá sainithe go soiléir faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) ((AE)2016/679) (AE) agus Achtanna um Chosaint Sonraí, 1988/2018. Cuirfear gach beart riachtanach i bhfeidhm d'fhonn a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis phearsanta ar fad á coinneáil sábháilte agus slán. Ní bheidh rochtain ar shonraí pearsanta ach ag pearsanra údraithe. Ní phróiseálfar ach sonraí pearsanta ábhartha, agus ní choimeádfar sonraí pearsanta le haghaidh tréimhse níos faide ná mar is gá.